Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10345/26**

**MAR 88**
**TRANS 399**
**JAI 801**
**POLMAR 51**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Meitheamh 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9714/26 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chalafoirt |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais um Chalafoirt, mar a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 8 Meitheamh 2026 iad.

## Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chalafoirt

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS:

- an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis Eorpach um Chalafoirt[1];
- an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais[2];
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Earnáil Uisce-Iompair an Aontais Eorpaigh – An t-ionchas don todhchaí: I dtreo Earnáil Uisce-Iompair an Aontais atá neodrach ó thaobh carbóin de, saor ó thionóiscí, uathoibrithe agus iomaíoch'[3];
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le hiompar ar uiscebhealaí intíre – ní hacmhainn go cur chun cinn!'[4]
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais[5];

  na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Tosaíochtaí le haghaidh bheartas iompair muirí an Aontais go dtí 2020: Iomaíochas, Dícharbónú agus Digitiú chun nascacht dhomhanda, margadh inmheánach éifeachtúil agus braisle mhuirí den chéad scoth a áirithiú'[6];
- na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan[7];
- na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSlándáil Mhuirí[8];
- Dearbhú na Niocóise ó Airí an Aontais Eorpaigh atá freagrach as Gnóthaí Muirí maidir le hOideachas agus Oiliúint Maraithe a Fheabhsú agus Rannpháirtíocht Chomhionann na mBan i dTionscal na Loingseoireachta a Chur Chun Cinn;

---

1 6926/26
2 6987/26
3 8648/20
4 15144/18
5 10350/26
6 9976/17
7 15807/25
8 9946/21

1. DEARBHÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais um Chalafoirt mar chreat cuimsitheach lena dtugtar aghaidh ar na príomhdhúshláin atá roimh chalafoirt Eorpacha, idir chalafoirt farraige agus chalafoirt intíre, i ndáil le hiomaíochas, inbhuanaitheacht, athléimneacht, slándáil, rialachas digitithe agus gnéithe sóisialta, ag tógáil ar Bheartas Calafort 2013; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá cur chun feidhme comhréireach éifeachtúil agus ualaí riaracháin agus airgeadais nach bhfuil gá leo a sheachaint i gcomhréir le prionsabail na rialála níos fearr.

2. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na bhfóram atá ann cheana ar leibhéal an Aontais chun an straitéis sin a chur chun feidhme agus, más gá, fóraim nua a chruthú.

3. AITHNÍONN SÍ go láimhseálann calafoirt Eorpacha níos mó ná 74 % de na hearraí a thagann isteach san Eoraip nó a théann amach aisti agus thart ar 395 mhilliún paisinéir in aghaidh na bliana, rud a ghineann luach suntasach eacnamaíoch agus fostaíocht; AITHNÍONN SÍ gur leathnaíodh ról straitéiseach na gcalafort chun an t-aistriú fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, braislí tionsclaíocha, soghluaisteacht mhíleata agus slándáil a chuimsiú, lena n-áirítear nochtadh don choireacht eagraithe, bagairtí hibrideacha agus gáinneáil aindleathach a dhéanann difear d'athléimneacht agus do shláine slabhraí soláthair; LEAGANN SÍ BÉIM AR éagsúlacht éiceachórais na gcalafort, lena n-áirítear saintréithe geografacha, aeráide agus oibríochtúla.

4. AITHNÍONN SÍ go bhfuil calafoirt ann atá, mar gheall ar a suíomh uathúil, neamhchosanta go háirithe ar bhagairtí seachtracha, de chineál míleata agus geopholaitiúil, a thagann ó áit lasmuigh den Aontas; AITHNÍONN SÍ, dá réir sin, go bhfuil riachtanais shonracha ag calafoirt arna gcinneadh ag na tosca seachtracha sin; IARRANN SÍ go dtacódh ionstraimí an Aontais le calafoirt.

5. AITHNÍONN SÍ ról sonrach na gcalafort intíre mar chomhpháirteanna lárnacha de ghréasán GTE-I, chun rannchuidiú le lóistíocht ilmhódach, dícharbónú an iompair agus athléimneacht slabhraí soláthair; IARRANN SÍ go mbeadh cur chuige beartais difreáilte comhréireach ann lena léireofaí a saintréithe sonracha.

6. AITHNÍONN SÍ, a mhéid a bhaineann le calafoirt ar oileáin (mar phríomhthacadóirí institiúideacha bheartas an Aontais maidir le hoileánachas), sna réigiúin chósta, sna réigiúin is forimeallaí agus i dTíortha agus Críocha Thar Lear, go bhfuil ról straitéiseach acu sna críocha sin; AITHNÍONN SÍ go bhfuil na calafoirt sin neamhchosanta go háirithe ar bhrú iomaíoch, ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus leis an tslándáil agus ar chostais bhreise, agus go bhfuil dúshláin chomhchosúla roimh chalafoirt bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear i réigiúin inar tearc an daonra.

7. IARRANN SÍ go dtabharfaí tacaíocht spriocdhírithe sholúbtha laistigh d'ionstraimí ábhartha an Aontais, agus saintréithe sonracha na gcalafort sin á gcur san áireamh, lena n-áirítear an ról atá acu i slándáil an tsoláthair agus sa tsoghluaisteacht mhíleata, agus ag an am céanna leanúint de phríomhról gríosaitheach straitéiseach chalafoirt mhuirí agus intíre GTE-I na hEorpa a aithint agus tacú leis, lena n-áiritheofar leanúnachas críche agus lena dtabharfar aghaidh ar dhúshláin na gcalafort gar do mhoil nach bhfuil san Aontas. LEAGANN SÍ BÉIM AR A RIACHTANAÍ atá sé go mbeidh cur chuige comhréireach ann do na réigiúin is forimeallaí trí mheasúnuithe tionchair a dhéanamh go córasach ar éifeachtaí thograí reachtacha an Aontais ar na réigiúin sin, go háirithe ar fheidhmiú a gcalafort.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur mór an éagsúlacht atá idir na dálaí réigiúnacha ar fud an Aontais agus go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chur chun feidhme na straitéise ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear dálaí geimhridh a dhéanann difear d'oibríochtaí; CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhféadfaidh dálaí geimhridh i réigiúin áirithe difear suntasach a dhéanamh d'oibríochtaí calafoirt agus do ghníomhaíochtaí muirí ar feadh tréimhsí fada gach bliain; MEASANN SÍ go bhfuil gá le trealamh sonrach agus socruithe oibríochtúla chun oibríochtaí geimhridh sábháilte éifeachtúla a áirithiú. LEAGANN SÍ BÉIM AR a luachmhaire atá sé na réamhriachtanais réigiúnacha éagsúla sin a chur san áireamh agus bearta ábhartha á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm, chun tacú le cur chun feidhme éifeachtúil athléimneach ar fud an Aontais.

## II. AN tIOMAÍOCHAS, AN NUÁLAÍOCHT AGUS AN DIGITEÁIL A NEARTÚ

9. AITHNÍONN SÍ, ó nádúr, gur trádáil dhomhanda í trádáil mhuirí, agus go ndéanann costais, caighdeáin agus coinníollacha rialála difear don iomaíochas, agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé cothrom iomaíochta a áirithiú go hidirnáisiúnta agus aghaidh a thabhairt ar shaobhadh a eascraíonn as neamhshiméadrachtaí rialála agus as cleachtais tríú tír.

10. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na treoirphrionsabail a leag an Coimisiún amach maidir leis an tacaíocht a thugann an tAontas do thionscadail chalafoirt i dtríú tíortha agus MEASANN SÍ gur cheart an tacaíocht sin a bheith faoi réir seiceáil láidir iomaíochais.

11. AITHNÍONN SÍ an ról lárnach atá ag calafoirt i dtaobh iomaíochas agus athléimneacht na slabhraí lóistíochta agus neamhchosaint na slabhraí sin ar iomaíocht idirnáisiúnta, lena n-áirithítear go gcuirfear san áireamh sna tionscadail a fhaigheann tacaíocht ón Aontas i dtríú tíortha an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar staid iomaíoch chalafoirt an Aontais.

12. LEAGANN SÍ BÉIM AR A THÁBHACHTAÍ atá sé an rómhaorlathas a laghdú go gníomhach agus na próisis a shimpliú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta simpliúcháin a shainaithint agus a chur chun feidhme.

13. TACAÍONN SÍ le rochtain chothrom ar an margadh a shaothrú i rannpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus IARRANN SÍ go mbeadh coinníollacha cothroma neamh-idirdhealaitheacha ann d'oibreoirí an Aontais i margaí calafoirt tríú tíortha.

14. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an rún treoir a thabhairt maidir le measúnú a dhéanamh ar infheistíocht choigríche i gcalafoirt an Aontais agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé rialuithe a chur i bhfeidhm ar bhealach rioscabhunaithe, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, na creataí atá ann cheana a chur i bhfeidhm, dúbailt a sheachaint agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus an tslándáil eacnamaíoch á cosaint ag an am céanna agus é mar aidhm úinéireacht nó rialú míchuí eachtrach ar bhonneagair agus oibríochtaí criticiúla calafoirt a sheachaint, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le hinsíothlú na coireachta eagraithe, go háirithe iad siúd atá ábhartha don tsoghluaisteacht mhíleata agus do shlándáil eacnamaíoch an Aontais; MEASANN SÍ, ina leith sin, gur gá timpeallacht tharraingteach infheistíochta a choimirciú do chalafoirt Eorpacha agus gan infheisteoirí iontaofa a dhíspreagadh; TUGANN SÍ DÁ HAIRE gur gá rochtain ar acmhainní airgeadais a áirithiú chun tionscadail infheistíochta a chur chun feidhme i gcalafoirt an Aontais.

15. LEAGANN SÍ BÉIM AR a riachtanaí atá sé leasanna an Aontais a chur chun cinn i ndáil le caighdeánú calafort i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha. IARRANN SÍ ar na Ballstáit na sásraí um scagadh atá ann cheana a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus faisnéis ábhartha a chomhroinnt ar leibhéal an Aontais.

16. MEABHRAÍONN SÍ éagsúlacht na samhlacha rialachais calafort agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór an éagsúlacht sin a urramú go hiomlán.

17. AITHNÍONN SÍ an ról atá ag comhaontuithe lamháltais agus léasa talún maidir le hinfheistíocht a mhealladh agus IARRANN SÍ go leanfaí de chur chuige cothrom beartais lena n-urramaítear na samhlacha rialachais calafort atá ann cheana, agus solúbthacht, athléimneacht, slándáil, inbhuanaitheacht agus dea-fheidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh á n-áirithiú ag an am céanna, agus forbairt leanúnach calafort á cur chun cinn, trí raon leathan infheistíochtaí a chur chun feidhme.

18. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nár cheart do thionscnaimh an Aontais amach anseo difear a dhéanamh don inniúlacht náisiúnta maidir le rialachas calafort, ná do lamháltais agus creataí úsáide talún i gcalafoirt.

19. AITHNÍONN SÍ go mbíonn ról na n-údarás calafort agus na gcomhlachtaí bainistíochta eile calafort mar chomhordaitheoirí straitéiseacha ag athrú agus MOLANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh forbartha, comhair agus feidhmíocht éifeachtach ina leith i gcomhréir le struchtúir náisiúnta rialachais agus úinéireachta.

20. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá maoiniú do bhonneagar bunúsach calafort atá oscailte d'úsáid ghinearálta (amhail muirmhúrtha, dreidireacht cainéal rochtana, fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, bonneagar breoslaí malartacha, céanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu agus rochtain choiteann bóthair agus iarnróid laistigh de limistéar an chalafoirt) a bhfuil breisluach ard poiblí ag baint leo agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an gcreat Státchabhrach, na gnéithe sin a chur san áireamh chun tacú le hinmharthanacht eacnamaíoch agus iomaíochas na gcalafort; Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chalafoirt intíre agus ar chalafoirt bheaga, ar chórais calafort forimeallach agus oileánach, a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt go minic ar bhearnaí infheistíochta struchtúracha agus ar acmhainneacht theoranta ginte ioncaim.

21. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine (RGBD), raon feidhme (catagóirí cabhrach), tairseacha agus céatadán déine cabhrach na cabhrach calafort blocdhíolmhaithe a oiriúnú chun léiriú níos fearr a thabhairt ar chostais iarbhír na n-infheistíochtaí atá coigeartaithe ó thaobh boilsciú de agus a bhfuil gá leo don digiteáil, don chibearshlándáil, don aistriú fuinnimh, don tsábháilteacht, don tslándáil, don aistriú módach agus don tsoghluaisteacht dé-úsáide; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún simpliú agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, agus ualach breise riaracháin á sheachaint ag an am céanna; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún déine cabhrach níos airde agus nósanna imeachta simplithe do chalafoirt a áirithiú.

22. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI tiomantas an Choimisiúin an t-ualach rialála a shimpliú agus cosaint an chomhshaoil á coimirciú ag an am céanna, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar an nGníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide chun inúsáidteacht a fheabhsú agus ar an Rialachán atá beartaithe maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil, inar lú an méid ama a bhaineann leis na measúnuithe a bhuí leis an digiteáil, amlínte laghdaithe agus nósanna imeachta comhcheangailte.

23. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na prionsabail choiteanna maidir le cistiú ón Aontas. MEASANN SÍ, leis na prionsabail sin, gur cheart na nósanna imeachta a shimpliú, an maorlathas breise a sheachaint agus gur neodrach i gcónaí a bheidh siad maidir le samhlacha rialachais agus lamháltais nó socruithe conarthacha, ionas gur féidir éagsúlacht na gcóras náisiúnta a urramú, agus rochtain chothrom ar dheiseanna cistiúcháin á háirithiú ag an am céanna do chalafoirt de mhéideanna éagsúla agus i suíomhanna geografacha éagsúla.

24. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá úsáid a bhaint as foinsí éagsúla cistiúcháin le haghaidh infheistíochtaí a théann chun tairbhe chalafoirt an Aontais. Áirítear ar na foinsí cistiúcháin sin foinsí de chuid an Aontais, foinsí náisiúnta agus foinsí príobháideacha, chomh maith le cistiú a thiomsaítear trí chomhar le bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh agus le hinstitiúidí airgeadais. I ndáil leis an méid sin, is é an aidhm atá ann tacú lena bhforbairt i réimsí feidhme éagsúla amhail an tslándáil, an chibearshlándáil, an chosaint, an t-aistriú fuinnimh, an dícharbónú, conairí loingseoireachta glasa agus teicneolaíochtaí nua-aimseartha, agus béim á leagan ag an am céanna ar a thábhachtaí atá sé dálaí áitiúla a chur san áireamh agus tacaíocht airgeadais á cur ar fáil do chalafoirt aonair agus aitheantas á thabhairt dá saintréithe sonracha a eascraíonn, *inter alia*, as a suíomhanna uathúla, lena n-áirítear srianta oileánachais nó neamhchosaint ard ar bhagairtí seachtracha de chineál míleata agus geopholaitiúil, a d'fhéadfadh riachtanais infheistíochta ar leith a chinneadh.

25. IARRANN SÍ go bhfeabhsófaí comhordú agus trédhearcacht sna hionstraimí cistiúcháin de chuid an Aontais, lena n-áiritheofar solúbthacht, comhleanúnachas, inrochtaineacht agus ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha do chalafoirt an Aontais.

26. LEAGANN SÍ BÉIM AR a riachtanaí atá sé an comhar institiúideach a neartú agus beartas calafort an Aontais á cheapadh agus á chur chun feidhme. Tá feidhm aige sin go háirithe i réimsí amhail rialú infheistíochta dírí coigríche, faireachán ar chomhchruinniú margaidh agus comhordú Global Gateway, agus tionscnaimh chomhthairbheacha le tríú tíortha á gcur san áireamh agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar roghanna chun comhar calafoirt ar leibhéal an Aontais a neartú, lena n-áirítear trí chur leis na fóraim atá ann cheana agus, i gcás inarb iomchuí, iad a fheabhsú, lena n-áirítear le rannpháirtíocht na n-údarás slándála inmheánaí agus forfheidhmithe dlí, i gcás inarb iomchuí. I ndáil leis an méid sin, is é an aidhm atá ann spás tiomnaithe a chruthú ar mhaithe le comhthuiscint agus gníomhaíocht chomhpháirteach chun leas coiteann na gcalafort Eorpach a chosaint, gan dochar don iomaíocht chóir idir calafoirt agus gan ualaí nua a fhorchur ar na Ballstáit ná ar an gCoimisiún.

27. LEAGANN SÍ BÉIM AR an tábhacht straitéiseach mhéadaitheach a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar infheistíocht dhíreach choigríche i gcalafoirt atá suite i dtríú tíortha, go háirithe iad siúd i gcomharsanacht an Aontais, i bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar iomaíochas chalafoirt an Aontais, ar fhorbairt mol trasloingsithe, ar an tsoghluaisteacht mhíleata, agus ar athléimneacht agus slándáil slabhraí soláthair.

28. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an t-athbhreithniú ar threoirlínte cumaisc an Aontais agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a riachtanaí atá sé iomaíocht éifeachtach a chaomhnú agus struchtúir athraitheacha an mhargaidh á gcur san áireamh ag an am céanna, lena n-áirítear comhtháthú ingearach, lenar féidir intuarthacht na forbartha tráchta a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt do straitéisí infheistíochta fadtéarmaí.

29. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé calafoirt a chomhtháthú a thuilleadh in GTE-I trí naisc chúlchríche neartaithe na gcalafort, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí, agus trí chomhtháthú ilmhódach na gcalafort intíre, agus IARRANN SÍ go dtabharfaí tosaíocht do nascacht dé-úsáide iarnróid, bóithre agus uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear inseoltacht, iontaofacht seolbhealaí agus inoibritheacht imchuach calafort ar chroí-uiscebhealaí intíre a choimirciú, chomh maith le naisc athléimneacha éifeachtúla an mhíle dheireanaigh, i gcás inarb indéanta ó thaobh na tíreolaíochta de. Ba cheart tús áite a thabhairt d'aistriú módach a chur chun cinn, ach i gcás inarb é an bóthar an t-aon mhodh iompair atá ar fáil, ba cheart nascacht leis an ngréasán bóithre a áirithiú freisin, go háirithe i gcás calafoirt bheaga.

30. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá acmhainneacht agus cáilíocht leordhóthanach bonneagair agus IARRANN SÍ go ndéanfaí forbairt threisithe ar bhonneagar a bhaineann le calafoirt, lena n-áirítear naisc ilmhódacha agus calafoirt thirime, de réir mar is iomchuí, chomh maith le gníomhaíochtaí infheistíochta bonneagair atá dírithe go díreach ar chalafoirt.

31. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé an ilmhódúlacht a neartú agus calafoirt a chomhtháthú i slabhraí lóistíochta, chomh maith le forbairt agus imscaradh éifeachtach na nuálaíochta digití agus teicneolaíche a áirithiú, mar thosca bunriachtanacha d'éifeachtúlacht, d'athléimneacht agus d'iomaíochas chóras calafort na hEorpa.

32. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar dhigiteáil oibríochtaí calafort agus slabhraí lóistíochta, chomh maith le tuilleadh tacaíochta a thabhairt don aistriú módach, agus IARRANN SÍ go dtabharfaí aird ar leith ar stádas na limistéar calafoirt i bhfianaise na n-oibríochtaí iarnród a dhéantar iontu, agus é mar aidhm solúbthacht na n-oibríochtaí iarnróid laistigh de chalafoirt a shimpliú agus a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin amanna feithimh a laghdú agus acmhainneacht oibríochtúil a bharrfheabhsú, agus ceanglais sábháilteachta agus slándála á n-urramú go hiomlán, agus tús áite á thabhairt don aistriú glas; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht an chreata rialála atá ann cheana i ndáil leis sin.

33. AITHNÍONN SÍ go gcuireann calafoirt phoiblí intíre agus mhuirí atá lonnaithe ar ghréasán GTE-I go mór leis an nascacht ilmhódach, le hathléimneacht an tslabhra soláthair, leis an aistriú fuinnimh, leis an gcomhtháthú réigiúnach agus, i gcás inarb ábhartha, leis an tsoghluaisteacht mhíleata, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na feidhmeanna sin a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí, agus na hionstraimí agus na creataí beartais ábhartha atá ag an Aontas cheana á gcur chun feidhme.

34. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an togra le haghaidh Rialachán maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata agus IARRANN SÍ go gcuirfí chun feidhme go pras é, sa tslí is go n-áiritheofaí tacaíocht iomchuí sholúbtha do bhonneagar calafort dé-úsáide agus don trealamh ábhartha, lena n-áirítear cistiú éifeachtúil atá ag teacht leis na réaltachtaí reatha agus leis an éileamh méadaitheach ar bhonneagar calafort atá ullmhaithe go leormhaith agus atá in ann soláthairtí straitéiseacha, iompar míleata agus oibríochtaí gaolmhara eile a láimhseáil. MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé na gníomhaíochtaí a leagtar amach i nGealltanas 2024 maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata[9] a chur chun feidhme.

35. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an cheannasaíocht theicneolaíoch a neartú agus chun tacú le himscaradh na nuálaíochta agus IARRANN SÍ conairí níos soiléire chun scála na réiteach digiteach agus teicneolaíoch a mhéadú ar fud na gcalafort.

36. MOLANN SÍ go bhforbrófaí tionscnaimh dhigiteacha an Aontais agus IARRANN SÍ go gcuirfí chun feidhme go héifeachtach agus go comhchuibhithe iad, agus ilroinnt agus ceanglais bhreise nach bhfuil gá leo á seachaint.

---

[9] 9225/24

37. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na treoirlínte atá á bhforbairt maidir le comhroinnt sonraí agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an idir-inoibritheacht, cosaint sonraí agus slabhraí lóistíochta éifeachtúla, agus ÁITÍONN SÍ ag an am céanna gur gá a áirithiú nach mbainfidh na treoirlínte sin a bheidh ann amach anseo an bonn ón dul chun cinn a bheidh déanta ag oibreoirí agus údaráis inniúla cheana.

38. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé comhleanúnachas a áirithiú idir beartais agus reachtaíocht an Aontais ag a bhfuil tionchar ar chalafoirt agus naisc chúlchríche, lena n-áirítear beartais aeráide, fuinnimh agus iompair, agus é mar aidhm leis sin go seachnófaí ualaí carnacha rialála agus airgeadais ar dócha go mbeadh tionchar acu ar iomaíochas chalafoirt an Aontais.

## III. AISTRIÚ FUINNIMH, INBHUANAITHEACHT AGUS TIONSCLAÍOCHT GHLAN

39. AITHNÍONN SÍ go bhfuil na calafoirt ag teacht chun bheith ina moil straitéiseacha fuinnimh agus tionsclaíochta agus go bhfuil ról lárnach acu maidir le dícharbónú agus aistriú fuinnimh gheilleagar agus shochaí na hEorpa.

40. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an tacaíocht don soláthar cumhachta ar tír agus ÁITÍONN SÍ gur cheart inmharthanacht eacnamaíoch, iomaíochas agus ailíniú leis an éileamh a bheith ina n-aidhmeanna leis an imscaradh, gur cheart trédhearcacht praghsanna a áirithiú agus sócmhainní tréigthe a sheachaint, agus gur cheart na dúshláin a bhaineann le nascacht eangaí chalafoirt GTE-I a chur san áireamh agus aird a thabhairt ar an bhféidearthacht go mbeadh réitigh mhalartacha, ar nós bonneagar luchtaithe cois cladaigh, níos oiriúnaí do chalafoirt intíre.

41. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-athraíonn costais oibriúcháin[10] an tsoláthair cumhachta ar tír[11] de réir na ndifríochtaí sa phraghsáil leictreachais agus castachtaí oibríochtúla éagsúla; TACAÍONN SÍ le tionscnaimh chun úsáid soláthairtí cumhachta ar tír a dhreasú; iarrann sí ar na Ballstáit leictreachas ó sholáthairtí cumhachta ar tír a aithint mar chomhpháirt straitéiseach den aistriú fuinnimh trína chomhtháthú go hiomlán i spriocanna náisiúnta, i scéimeanna tacaíochta agus i bpleanáil faoin Treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite[12].

42. IARRANN SÍ go mbeadh Plean Gníomhaíochta an Aontais um an Leictriúchán ina thaca le ceannasaíocht chalafoirt an Aontais maidir le leictriú muirí, lena n-áirítear comhtháthú neartaithe eangaí.

43. IARRANN SÍ go gcuirfí chun cinn réitigh eangaí cliste, bainistiú éilimh agus úsáid éifeachtúil an bhonneagair atá ann cheana.

---

10 Ar a dtugtar freisin OPEX (as ‘operating expenses’)

11 Ar a dtugtar freisin OPS (as ‘onshore power supply)

12 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú) http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/2024-07-16

44. AITHNÍONN SÍ ról na gcalafort ó thaobh breoslaí malartacha agus fuinneamh glan agus ísealcharbóin de, chomh maith leis an méid a chuireann calafoirt GTE-I leis na hiarrachtaí chun conairí loingseoireachta glasa a chur chun cinn i measc tríú tíortha; IARRANN SÍ ailíniú treisithe idir GTE-I, GTE-F agus creataí pleanála náisiúnta, sa tslí is go mbeifí ag teacht go sonrach le riachtanais an ghréasáin leictreachais agus gáis ar tír, ar riachtanais iad a bhaineann le dícharbónú calafort agus soláthar breosla, lena n-áirítear bonneagair chalafoirt ilbhreosla agus bonneagair chalafoirt atá réidh don hidrigin.

45. MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé imscaradh na heangaí do chalafoirt a éascú, tosaíocht a thabhairt don imscaradh sin, agus naisc thráthúla éifeachtúla a áirithiú do thionscadail a bhaineann le calafoirt.

46. AITHNÍONN SÍ ról na gcalafort maidir leis na coinníollacha iomchuí a shainiú faoinar féidir breoslaí malartacha ísealcharbóin agus breoslaí malartacha atá saor ó charbón a stóráil, a bhuncaeireacht agus a láimhseáil go praiticiúil agus go sábháilte sna limistéir éagsúla calafort, agus a srianta oibríochtúla agus spásúla á gcur san áireamh, chomh maith lena róil faoi seach maidir le hinfheistíochtaí a éascú agus a mhealladh de réir an éilimh atá ann (trí chomhoibriú i gconairí glasa, moil ghlasa agus ardáin thrasearnálacha phoiblí phríobháideacha, mar shampla). AITHNÍONN SÍ ról tábhachtach an mhargaidh maidir le slabhra soláthair breosla ghlain a fhorbairt i limistéir calafort agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na bearta breise arna ndéanamh chun an t-éileamh ar bhreoslaí inbhuanaithe a dhreasú sa tslí is go n-áiritheofar a n-infhaighteacht, a n-inscálaitheacht agus a n-inacmhainneacht.

47. IARRANN SÍ comhar treisithe idir calafoirt, braislí tionsclaíocha agus a gcúlchríocha chun tacú leis an aistriú fuinnimh, le tionscail ghlana agus le réitigh an gheilleagair chiorclaigh agus IARRANN SÍ tacaíocht ghníomhach maidir le ceadú brostaithe agus nascacht eangaí chun forbairt na mbraislí tionsclaíocha sin atá laistigh de limistéir calafort nó nasctha leo a éascú.

48. MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé ioncam CTA a úsáid chun críoch aeráide agus MOLANN SÍ do na Ballstáit, i gcomhréir lena dtosaíochtaí náisiúnta, tacú le dícharbónú na hearnála muirí ar fud an tslabhra luacha, lena n-áirítear cuideachtaí loingseoireachta, longcheártaí, tionscadail iarfheistithe, monaróirí trealaimh, soláthraithe teicneolaíochta, soláthróirí breosla agus calafoirt, agus MOLANN SÍ do na Ballstáit úsáid a bhaint as an ioncam a ghintear de bharr áireamh na loingseoireachta in CTA AE chun tacú le haistriú fuinnimh na hearnála, lena n-áirítear athnuachan cabhlaigh, iarfheistiú glas, seirbhísí iompair mhuirí le haghaidh oileán, breoslaí malartacha agus bonneagar fuinnimh calafort.

49. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na nuashonruithe agus na hathbhreithnithe a dhéanfar ar reachtaíocht ábhartha, lena n-áirítear CTA AE agus Rialachán FuelEU Maritime, a thábhachtaí atá an méid sin ó thaobh iomaíochas calafort de agus an méid a rannchuidíonn sé sin le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais agus a spriocanna aeráide a bhaint amach; IARRANN SÍ go mbeadh cur chuige comhordaithe ann agus go ndéanfaí measúnú ar thionchar carntha aon rialacha nua nó athbhreithnithe.

50. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na hábhair imní a chuir roinnt Ballstát in iúl maidir le tionchar CTA ar iomaíochas chalafoirt an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le hatreorú tráchta, sceitheadh carbóin agus athshocrú infheistíochtaí, agus MEABHRAÍONN SÍ an oibleagáid atá ar an gCoimisiún de réir na Treorach maidir le CTA, is é sin, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CTA i dtaca le gníomhaíochtaí iompair mhuirí chun iompar seachantach a bhrath d'fhonn an t-iompar sin a chosc ag céim luath; LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé bearta iomchuí a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú, agus aird ar leith á tabhairt ar na réigiúin is forimeallaí, agus neamhchosaint chalafoirt an Aontais ar an iomaíocht idirnáisiúnta agus an ról atá acu i slabhraí lóistíochta domhanda á gcur san áireamh, agus ar na réigiúin oileánacha agus na réigiúin fhorimeallacha; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dlús a chur lena fhaireachán agus bearta ceartaitheacha spriocdhírithe a mholadh, go háirithe maidir le gníomhaíochtaí trasloingsithe, agus an uaillmhian chomhshaoil á caomhnú agus an comhleanúnachas le creataí idirnáisiúnta, creat na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta, mar shampla, á áirithiú ag an am céanna. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a thacaíocht uile a thabhairt d'fhonn teacht ar chomhaontú domhanda lena mbainfear amach spriocanna agus cuspóirí uile Straitéis 2023 na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, gus oiriúnuithe iomchuí a dhéanamh ina dhiaidh sin ar reachtaíocht ábhartha an Aontais chun íocaíochtaí airgeadais dúbailte agus ualaí riaracháin a sheachaint go héifeachtach.

51. MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé tacú le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí dícharbónaithe agus aistrithe fuinnimh agus i mbonneagar i gcalafoirt ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Dá bhrí sin, ba cheart rochtain a bheith ag calafoirt ar thacaíocht chun go bhféadfaidís dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain a imscaradh, cuir i gcás bonneagair ghaoithe, ghréine agus tonnta ar snámh chun fuinneamh glan in-athnuaite a ghiniúint, ionas go gcuideofaí leis na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ar an gcaoi sin fíor-shaineolas Eorpach a fhorbairt, a neamhspleáchas fuinnimh a neartú agus borradh a chur faoin bhfostaíocht.

52. TACAÍONN SÍ le hiarrachtaí chun cur chun feidhme an chreata a shimpliú agus cosaint an chomhshaoil á coimirciú ag an am céanna. I ndáil leis an méid sin, ba cheart é a bheith mar aidhm dúbláil a sheachaint agus cur chuige comhleanúnach trasearnála a áirithiú chun forbairt calafort a éascú, go háirithe i ndáil le nósanna imeachta ceadaithe agus i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.

53. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an creat athléimneachta aeráide atá á fhorbairt, lena n-áirítear uirlisí chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí aeráide; LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé bonneagar calafort a dhíonadh ar an athrú aeráide agus, ag an am céanna, aistriú rioscaí chuig cathracha, tionsclaíocht nó bonneagar atá in aice láimhe a sheachaint; LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé creat uile-Aontais a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí aeráide i gcalafoirt, lena n-áirítear triomach, leibhéil ísle uisce, tuilte agus luaineacht hidreamoirfeolaíoch abhann a théann i bhfeidhm ar chalafoirt intíre, agus chun bearta oiriúnúcháin tosaíochta a shainaithint, mar fhorbairt ar na beartais agus na huirlisí aeráide, tacsanomaíochta agus athléimneachta atá ann cheana.

## IV. CALAFOIRT A CHOSAINT AGUS A DHAINGNIÚ

54. AITHNÍONN SÍ an méadú atá ag teacht ar raon na mbagairtí slándála a bhaineann do chalafoirt agus an méadú is gá a dhéanamh ar shlándáil agus athléimneacht bhonneagair na gcalafort.

55. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an Straitéis a shioncrónú gan uaim le gníomhaíochtaí i réimse na soghluaisteachta míleata chun imscaradh mór trúpaí agus acmhainní ó Bhallstáit an Aontais agus ó thríú tíortha a fheabhsú, a éascú agus a luathú, agus comhleanúnachas leis na hiarrachtaí a dhéantar faoi chuimsiú ECAT á áirithiú. Cuireann sí in iúl freisin gur gá acmhainní a áirithiú le haghaidh oibreacha bonneagair i gcalafoirt atá suite ar chonairí soghluaisteachta míleata an Aontais.

56. MEASANN SÍ GUR FIÚ, DÁ BHRÍ SIN, machnamh a dhéanamh ar chaidreamh úinéireachta gnéithe de bhonneagar na gcalafort chun rochtain thapa ar limistéir calafort a áirithiú, agus cigireachtaí agus iniúchtaí, chomh maith le gluaiseacht trealaimh mhíleata agus saincheisteanna eile atá tábhachtach i ndáil le slándáil an Aontais a áirithiú, á gcur san áireamh.

57. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ndírítear aird sa Straitéis um Chalafoirt ar bhagairtí nua atá ag dul i méid ar chalafoirt, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, an tsabaitéireacht, an choireacht eagraithe, an t-éilliú, cibirionsaithe agus ionsaithe hibrideacha agus dróin agus córais eile gan foireann.

58. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar chreataí slándála muirí agus chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an togra atá ar na bacáin le haghaidh creat de chuid an Aontais chun comhar a éascú idir na Ballstáit maidir le seiceálacha cúlra d'oibrithe calafort, mar uirlis rioscabhunaithe chun an choireacht eagraithe agus gníomhaíochtaí aindleathacha a chosc agus a chomhrac. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá treoirlínte a fhorbairt chun an Cód Idirnáisiúnta um Shlándáil Long agus Saoráid Chalafoirt (ISPS) a shoiléiriú mar an bunchreat idirnáisiúnta lena dtugtar aghaidh ar na bagairtí méadaitheacha a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe agus an trádáil aindleathach.

59. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na tionscnaimh chun an choireacht eagraithe agus an t-éilliú, chomh maith leis an sceimhlitheoireacht, an tsabaitéireacht, cibirionsaithe agus ionsaithe hibrideacha agus dróin, a chomhrac, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá Comhghuaillíocht na gCalafort Eorpach chun an choireacht eagraithe agus an gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac; TACAÍONN SÍ le bearta slándála comhréireacha agus éifeachtacha, lena gcuirtear réaltachtaí oibríochtúla san áireamh agus lena seachnaítear ualaí nach bhfuil gá leo. Is den tábhacht é uirlisí nua agus feabhsaithe a bheith ag údaráis forfheidhmithe dlí agus comhar feabhsaithe a bheith ann le tíortha lasmuigh den Aontas.

60. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an comhar neartaithe le tríú tíortha agus comhpháirtithe idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar shlándáil na gcalafort, lena n-áirítear i gcalafoirt intíre.

61. IARRANN SÍ go ndéanfaí an reachtaíocht ábhartha chibearshlándála a chun feidhme ar fud an Aontais agus go bhfeabhsófaí an comhar idir na húdaráis inniúla. Ní mór a áireamh leis sin malartú frithpháirteach sonraí i measc na n-údarás (slándála) ábhartha, go háirithe comhroinnt faisnéise idir na póilíní, na húdaráis chustaim, calafort agus mhuirí chun feabhas a chur ar chosc, ar bhrath agus ar chomhrac na coireachta eagraithe agus gníomhaithe naimhdeacha eile a d'fhéadfadh a bheith ann i gcalafoirt. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé beartaithe Mol Sonraí Custaim an Aontais a bhunú chun sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú le húdaráis chustaim, agus leis an timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí atá cheana, lena n-áirithítear ardbhainistiú riosca lasta.

62. AITHNÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag calafoirt maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata agus an athléimneacht araon, óir éascaíonn siad gluaiseacht trúpaí agus trealaimh mhíleata ar bhealach bunúsach, agus feidhmíonn siad ag an am céanna mar thairseacha sibhialtacha ríthábhachtacha don trádáil, don soláthar fuinnimh agus don nascacht ar fud na hEorpa.

63. ÁITÍONN SÍ nach mór d'aon tionscnaimh a bheidh ann amach anseo chun calafoirt a chosaint agus a dhéanamh slán, lena n-áirítear an creat atá ar na bacáin don tsoghluaisteacht mhíleata, nach mór dóibh an chothromaíocht chuí a aimsiú idir riachtanais slándála agus mhíleata, ar thaobh amháin, agus leanúnachas na ngníomhaíochtaí sibhialta agus tráchtála, ar an taobh eile, agus nach mór rochtain tosaíochta ar limistéir calafort a áirithiú, más gá; AITHNÍONN SÍ go bhfuil acmhainneacht agus acmhainní airgeadais leordhóthanacha de dhíth ar chalafoirt chun suaití geopholaitiúla agus cásanna éigeandála a fhreagairt.

## V. COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA, SCILEANNA AGUS POIST DEA-CHÁILÍOCHTA

64. AITHNÍONN SÍ ról ríthábhachtach na gcalafort maidir le forbairt eacnamaíoch, athléimneacht, agus comhtháthú sóisialta agus críochach an Aontais a éascú. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá calafoirt bheaga agus mheánmhéide i ndáil leis sin, lena n-áirítear iad siúd ar oileáin, i réigiúin iargúlta agus sna réigiúin is forimeallaí, i limistéir inar tearc an daonra, agus iad siúd atá mar bhonn taca leis an athléimneacht straitéiseach agus lóistíochta.

65. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil feidhm ag an Straitéis Eorpach um Chalafoirt go sainráite maidir le calafoirt intíre; DÍRÍONN SÍ AIRD ar an méid a chuireann calafoirt intíre leis an lóistíocht trasteorann laistigh san Eoraip agus le cothabháil na slabhraí soláthair; ÁITÍONN SÍ gur cuireadh ceanglais go leor (maidir le soláthar cumhachta ar tír, mar shampla) in oiriúint go príomha don loingseoireacht mhuirí agus gur cheart aird níos mó fós a thabhairt ar pharaiméadair shonracha theicniúla agus eacnamaíocha na gcalafort intíre; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá rochtain ar ionstraimí cistiúcháin do chalafoirt intíre; IARRANN SÍ go ndéanfaí ionadaíocht iomchuí ar gach calafort sa Bhord ardleibhéil um Thionscail agus Calafoirt Mhuirí atá beartaithe.

66. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go n-aithnítear i Straitéis Chalafoirt an Aontais go bhfuil na calafoirt mhara ina bpríomhthairsí chun earraí an Aontais a allmhairiú agus a onnmhairiú, agus gur tosaíocht mhór iad dá réir sin ó thaobh nascacht agus iomaíochas domhanda an Aontais de.

67. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá bearta éifeachtacha oiriúnaithe, athscilithe agus oiliúna oibríochtúla don lucht saothair, chun a áirithiú go gcruthófar poist dea-cháilíochta de bharr an chlaochlaithe theicneolaíoch, go bhfeabhsófar sábháilteacht an lucht saothair agus go mbeidh an earnáil níos tarraingtí do mhná agus do dhaoine óga.

68. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé timpeallacht shlán oibre a áirithiú d'oibrithe calafort, go háirithe i bhfianaise na rioscaí slándála atá ag dul i méid agus ról lárnach na gcalafort sa tsoghluaisteacht mhíleata, agus IARRANN SÍ oiliúint agus freachnaimh rialta.